NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11185 — PERMIRA / GRUPPO FLORENCE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 255/06)

1. An 11 Iúil 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Permira Holdings Limited ('Permira', Geansaí),

— Gruppo Florence S.p.A. ('Gruppo Florence', an Iodáil), faoi rialú Florence InvestCo S.r.l.

Gheobhaidh Permira rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Gruppo Florence ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Permira: cistí cothromais phríobháidigh a bhainistiú, lena n-áirítear cuideachtaí punainne atá gníomhach ar fud earnálacha na dtomhaltóirí, na seirbhísí, an chúraim sláinte agus na teicneolaíochta. Rialaíonn Permira na cuideachtaí seo a leanas, i measc cuideachtaí eile: (i) Golden Goose S.p.A, atá gníomhach i miondíol bróga, éadaí agus oiriúintí leathair ar de chineál sóchais iad; agus (ii) Italian Fashion Team S.r.l., atá gníomhach i monarú éadaí, coisbhirt agus earraí leathair, ar de chineál sóchais iad,

— Gruppo Florence: gníomhach i bhforbairt agus i dtáirgeadh éadaí, coisbhirt agus earraí leathair ardleibhéil le haghaidh sóbhrandaí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11185 — PERMIRA / GRUPPO FLORENCE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË